Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Meitheamh 2026
(OR. en)**

**10321/26**

**TRANS 396**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 9827/26 |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa 9ú seisiún den Choiste ad hoc um Ghnóthaí Dlíthiúla agus um Chomhar Idirnáisiúnta de chuid na hEagraíochta Idir-rialtasaí um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (OTIF) a bhaineann leis na leasuithe atá beartaithe ar Rialacha Nós Imeachta an Choiste ad hoc<br>- Glacadh |

## I. RÉAMHRÁ

1. Tá sé beartaithe an 9ú seisiún de Choiste *ad hoc* OTIF um Ghnóthaí Dlíthiúla agus um Chomhar Idirnáisiúnta a thionól an 23-24 Meitheamh 2026 i mBeirn na hEilvéise.

2. Táthar ag súil go nglacfaidh an Coiste *ad hoc* cinneadh lena leasófar a Rialacha Nós Imeachta, maidir le cearta comhaltaí, comhaltaí comhlacha agus breathnóirí, chun comhsheasmhacht le rialacha nós imeachta orgáin OTIF eile a áirithiú. Beidh an gníomh atá beartaithe ina cheangal ar na páirtithe i gcomhréir le hAirteagal 16 §10 den Choinbhinsiún maidir le hIompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (COTIF), ar dá réir a bhunóidh Coistí OTIF a rialacha nós imeachta, agus i gcomhréir le hAirteagal 30 de Rialacha Nós Imeachta an Choiste *ad hoc*, ar dá réir a fhéadfar na Rialacha sin a leasú, go hiomlán nó go páirteach, le cinneadh ón gcomhlacht sin.

3. Ós rud é gur páirtí conarthach in COTIF é an tAontas, beidh an gníomh atá beartaithe ina cheangal ar an Aontas faoin dlí idirnáisiúnta. Is gá, dá bhrí sin, seasamh a bhunú atá le glacadh thar ceann an Aontais sa 9ú seisiún den Choiste *ad hoc*.

4. An 28 Bealtaine 2026, tharchuir an Coimisiún chuig an gComhairle togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 9ú seisiún den Choiste *Ad Hoc* um Ghnóthaí Dlíthiúla agus um Chomhar Idirnáisiúnta de chuid na hEagraíochta Idir-rialtasaí um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (OTIF) maidir leis an leasú ar a Rialacha Nós Imeachta[1].

## II. OBAIR AN CHOMHLACHTA ULLMHÚCHÁIN

5. Scrúdaigh an Mheitheal um Iompar de Thalamh an togra ón gCoimisiún ag an gcruinniú a bhí aici an 5 Meitheamh 2026.

6. Chomhaontaigh na toscaireachtaí gur cheart an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais maidir leis na Rialacha Nós Imeachta a bheith i bhfabhar na leasuithe atá beartaithe a ghlacadh. Mar sin féin, thángthas ar an gconclúid sa phlé a rinneadh le linn an chruinnithe gur cheart go leanfadh an inniúlacht maidir leis na hábhair eagraíochtúla chothrománacha, amhail an leasú atá beartaithe ar na Rialacha Nós Imeachta, inniúlacht shubstainteach faoina dtagann COTIF. Dá bhrí sin, ba cheart í a bheith measctha, agus níor cheart í a bheith eisiach ag an Aontas mar a mhaígh an Coimisiún.

7. Leasaíodh téacs aithrisí an Chinnidh ón gComhairle ina dhiaidh sin chun an méid sin a léiriú.

8. Thairis sin, chomhaontaigh na toscaireachtaí go gcuirfeadh an Coimisiún an seasamh atá i gceist in iúl ag cruinniú an Choiste ad hoc agus, más gá, go bhfeidhmeodh sé cearta vótála.

---

[1] 9827/26.

## III. CONCLÚID

9. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an dréachtchinneadh, mar a leagtar amach in 9930/26 é, arna athbhreithniú ag na dlítheangeolaithe, a fhormheas agus a chur faoi bhráid na Comhairle lena ghlacadh.

10. A luaithe a ghlacfar é, cuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoin gCinneadh ón gComhairle.